

## Treoir Maidir le Seirbhís Lánaimseartha an Stáit agus Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha

1.1 Éilítear in Alt 133(4)(d) den Acht um Rialála Seirbhísí Dlí 2015 (“an tAcht”) nach mór iontrálaí ar Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha, maidir le gach abhcóide cleachtach, a shonrú cibé an bhfuil nó nach bhfuil sé/sí i seirbhís lánaimseartha an Stáit. Iarrtar ar gach iarratasóir ar an Rolla an fhaisnéis sin a chur ar fáil.

1.2 Ní thugtar sainmhíniú san Acht um Rialála Seirbhísí Dlí ar an méid atá i gceist maidir le habhcóide cleachtach a bheith “i seirbhís lánaimseartha an Stáit”.

1.3 Mar threoir, áfach, tá sainmhíniú ar ‘sheirbhís lánaimseartha an Stáit’ d’aturnaetha sna hAchtanna Aturnaetha (alt 54 den Acht Aturnaetha 1954 (arna ionadú le halt 62 den Acht Aturnaetha (Leasú) 1994).

1.4 Leagtar amach san fhoráil sin:

*‘Measfar aturnae a bheith ina aturnae i seirbhís lánaimseartha an Stáit má bhíonn agus an fhad a bheas sé faoi cheangal a chuid ama go léir a thabhairt do sheirbhís an Stáit mar aturnae agus luach saothair á fháil aige go hiomlán i leith na seirbhíse sin as airgead a sholáthraíós an tOireachtas’.*

1.5 Beidh an sainmhíniú seo á chur i bhfeidhm ag an ÚRSD in éagmais aon leasaithe reachtaigh.

1.6 Is ceart do gach duine a gceanglaítear air nó uirthi iarratas a dhéanamh chun a ainm nó a hainm a chur ar Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha dul ar aghaidh agus é sin a dhéanamh. Rachfar i dteagmháil (de réir mar is gá) le gach abhcóide a bhfuil a ainm nó a hainm ar Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha cheana féin lena fhíorú go bhfuil a

shonrúchán nó a sonrúchán mar dhuine atá 'i seirbhís lánaimsire an Stáit' nó eile cruinn agus de réir an dlí.

**LSRA Feabhra 2019**